



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2024
1-09-2024

Ranganna ag Leanúint ó Neart go Neart

Fáilte chuig eagrán an Earraigh den Nuachtlitir.

Tá na ranganna ag leanúint ar aghaidh mar is gnách le tinreamh beagán ag athrú thar gach leibhéal de réir mar a théann na scoláirí ar saoire nó a bhfuil tiomantais oibre nó teaghlaigh acu.

Tá lucht freastail rialta fós ann, ag teacht suas gach seachtain chun a chinntiú go leanann na ranganna de bheith inmhathana. Buíochas mór le gach éinne a fhreastalaíonn go rialta agus a chuireann le rath an Chumainn, agus buíochas mór do na múinteoirí a rinne sár-iarracht tacú lenár ndaltaí.

Ar ndóigh ba mhaith linn an bhallaíocht a fheiceáil ag fás agus molaimid do gach duine labhairt le baill teaghlaigh, cairde agus comhghleacaithe faoi smaoinemh ar an teanga a thógáil nó filleadh ar ranganna má tá b'fhéidir roinnt ama caite acu ón bhfoghlaim.

Ar ndóigh táimid i gcónaí ag lorg múinteoirí chun na ranganna a éascú – mar sin má tá leibhéal cuí teanga agat féin nó ag duine éigin a bhfuil aithne agat air agus gur mhaith leat a gcuid saineolais agus a



AGM news, Leathanach 7

gcuid eolais a roinnt le do thoil spreag iad chun teagmháil a dhéanamh.

Is bealach iontach é an Nuachtlitir leis an gCumann agus na ranganna a chur chun cinn agus molaimid do gach duine é a chur timpeall ar do chiorcail shóisialta. Molaimid duit freisin smaoinemh ar ailt speisiúla a scríobh don Nuachtlitir.

Ba mhaith linn go n-inseofá dúinn beagán fút féin agus cén fáth ar chuir tú spéis sa teanga nó ar fhill tú uirthi tar éis sosa b'fhéidir.

Ba bhreá linn beagán a chloisteáil faoi chúlraí agus eispéiris daoine agus an spéis atá acu sa Ghaeilge.

Tá na scéalta seo tábhachtach do bhaill chun aithne a chur ar a chéile agus iad a spreagadh le

leanúint ar aghaidh agus b'fhéidir daoine eile a spreagadh chun smaoinemh ar dhul is-teach sa Chumann.

Mar sin tá proforma beag – 'Cé hé Tú Féin' – san eagrán seo le cúpla ceist shimplí mar threoir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit agus tú ag rá beagán fút féin.

Déan machnamh le do thoil ar aighneacht a dhéanamh. Is féidir leis a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is mian leat.

Dominic

San Eagrán Seo..

Classes still going strong 1

From our committee 2

Scoil Samhraidh 2025 3

Dara Beag Ó Fát-hartaigh 4-5

Pop up Gaeltachts explained 6-7

AGM reminder 7

*Special liftout
Scoil Samhraidh
Booking form*

See our website
for latest news
about classes
gaeilge.org.au

From Our Committee

We are very lucky with all our modern technology to have easy access to many useful online learning resources and materials. One such example for new learners is the **Stories in Irish** series on YouTube. This series of books written for primary school kids makes for a valuable resource for beginners learning the language. Please see the links below to a few of these publications:

- *Cití agus an Scáthán*: - <https://youtu.be/bpNyslil5TQ?si=FWJd-91eYGgCQEJZ>

- *Misneach* - https://youtu.be/YsUqqg4vLhs?si=DyMbFv1Sxh_FWHNA

- *An Ghráinneog sa Ghairdín* - https://youtu.be/JRZyk3cVoYs?si=Dn30fHmwTD9b4U8_

Of course there are many great learning opportunities and resources on **TG4**, easily accessible on the internet, with numerous cultural, political, social and sporting programs as Gaeilge. One particularly contemporary program is **Camán na mBan** a documentary exploring the 120-year-old sport of Camogie, and the challenges the Camogie Association faces as it works to integrate fully with the GAA by 2027. There are contributions from All-Star Camogie players and past Camogie Association Presidents. Well worth a watch.

Finally, just a reminder that our Annual General Meeting will be coming up soon. Check the Cumann website <https://gaelge.org.au/> for further details - dates and times, etc. We would also like members to consider standing for positions on the Committee. We welcome the diverse range of experiences and skills of members that make up the Cumann.

We'd like to wish everyone great success in their learning and the efforts they make to keep the Irish Language alive as we head into Springtime.

Best wishes from the Committee.

Cumann Gaeilge na hAstráile

Who are You?

The Newsletter is a great way to promote the Cumann and the classes and we encourage you to consider writing articles of interest for the Newsletter.

We would like you to tell us a little bit about yourselves, your backgrounds and experiences and why you have taken up an interest in the language or returning to it after a break perhaps.

These stories are important for members to get to know each other and inspire us to keep going and perhaps encourage others to consider joining the Cumann.

You are welcome to use the proforma below to share some of your personal stories. Send your contributions to Stuart at: stuart@irelandmail.com or Siún at: siunin@hotmail.com for inclusion in the Newsletter.

Thank you,

Dominic, Committee Secretary

What is your name?

Which class are you in?

Where were you born?

What is your relationship to Ireland?

What are some of your interests?

What is your job/profession?

Why are you learning Irish?



Scoil Samhraidh 2025

Scoil Samhraidh 2025

Tá an chéad scoil samhraidh eile Gaeilge i mí

Eanáir 2025 á heagrú ag **Scoil na hAstráile um**

Fhoghlaim Ceilteach agus a bheidh ar siúl ón 20-27

Eanáir. Is é an t-ionad Ionad Cúlaithe Mount Carmel

i mBóthar Chill Rímhinn, Varroville, NSW, 2566

Is féidir le mic léinn freastal ar sheachtain iomlán nó

díreach ar an deireadh seachtaine fada agus áirítear

ar na praghsanna gach béile agus lóistín. Tá sonraí

iomlána lena n-áirítear an t-amchlár le fáil ar a

suíomh Gréasáin -

<https://celticlearningcomau.wordpress.com/scoil->

[gaeilge-samhraidh/](https://celticlearningcomau.wordpress.com/scoil-gaeilge-samhraidh/)

Tá foirm áirithinte san áireamh leis an nuachtlitir

seo agus tá lascaine luath-éan ar fáil suas go dtí Dé

Domhnaigh 13 Deireadh Fómhair.

Bíonn an-tinreamh i gcónaí ar imeachtaí na scoile

samhraidh agus mar sin ár gcomhairle ná déanaigí

moill, cuir in áirithe anois !

The next Irish language summer school in January

2025 is being organised by the **Australian School of**

Celtic Learning and will run from 20-27th January.

The venue is the Mount Carmel Retreat Centre in

St. Andrews Road, Varroville, NSW, 2566

Students can attend for either a full week or just

the long weekend and the prices include all meals

and accommodation. Full details including the time-

table can be found on their website -

A booking form is included with this newsletter and

an early-bird discount is available up to Sunday

13th October.

Summer school events are always very well attend-

ed so our advice is don't delay, book now !

So where exactly is Varroville ?

It's located 45km south-west of the Sydney CBD and lies on the Northwest side of the M5 motorway.

It is easily reached by bus or train from Sydney

Ó FÁTHARTAIGH, Dara Beag (1920–2012)

ImBaile an Duna in Inis Meáin, Co. na Gaillimhe, ar 7 Iúil 1920, a rugadh Dara Beag Ó Fáthartaigh, cé go ndeireadh sé féin nach raibh sé cinnte den dáta. Ba é ab óige de sheachtar clainne, ceathrar iníonacha agus triúr mac. Dara Pheigín a thugtaí ar a athair. Muintir Dhiarmada a thugtaí ar na Fáthartaigh ar díobh é, as an gcéad duine díobh a tháinig as tír mór le cur faoi ar an oileán. Peige Sheáin Tommy Ní Chonghaile ab ainm dá mháthair. Bhásaigh sise agus gan é ach seacht mbliana d’aois. D’fhreastail Dara ar scoil an oileáin, ach ní go rialta, ‘lá ann agus lá as,’ mar a dúirt sé féin. Ba de bharr cúrsaí oibre, idir cheilp, fheirmeoireacht agus iascaireacht a chailleadh sé laethanta ón scoil. Thaitin an obair riamh leis. Bhí dúil aige sa léitheoireacht. Ba mhinic a dhá leabhar, an ceann Gaeilge agus an ceann Béarla aige. Bhí de nós aige na ceachtanna a chur de ghlanmheabhair. Cé nár mhinic ag scríobh é, bhí peanaireacht dheas shoiléir aige freisin.

Chuaigh an leabhar Stair na hÉireann le Micheál Breathnach i bhfeidhm air agus mhúnlaigh sé a dhearcadh i leith na polaitíochta. Dála an dá oileán eile, bhí deacrachtaí go leor le sárú ag Inis Meáin maidir le soláthar áiseanna agus seirbhísí agus ghéaraigh an titim leanúnach sa daonra go mór iad. D’fhág na dúshláin chéanna sin a lorg ar Dhara Beag, agus mhúnlaigh siad a dhearcadh ar a shaol agus ar shaol an phobail ar de é.

Bhíodh triall go leor de lucht chúis na Gaeilge agus na tíre ar Inis Meáin go luath san fhichiú haois. Chuaigh cuimhne na ndaoine sin agus a gceangal leis an oileán i bhfeidhm ar Dhara. Luann sé Synge agus an Piarsach go speisialta i ndánta leis. Ó theideal an dáin ‘In aimsir Synge’ cheapfaí seans gur dán faoin drámadóir cáiliúil atá i gceist. Ach is ag moladh laochra agus ag aithris eachtraí móra stairiúla na háite go gonta a bhíonn an file. Go deimhin, tá sórt achasáin ann ar Synge féin as a bheith chomh tógtha lena chás féin agus as a bheith ag cáineadh na farraige. Luaitear an Cnocán Seoigeach leis an bPiarsach agus an bród a chuir an chuimhne sin air féin. Bhí an-luí aige le De Valera, cé gur mheas Dara gur thug De Valera cúl do cheist na tíre i ndeireadh a shaoil.

Lean cuid de na daoine móra le rá orthu ag teacht anuas go dtí ré Dhara Bhig. Tháinig Micheál Ó Maoláin, de bhunadh Árainn, ar ais go Inis Meáin agus thug iarraidh a athair a ghríosú chun scríbhneoireachta in 1932, nuair a bhí Dara aon bhliain déag. Bhí baint ag an Maolánach le An t-Éireannach ina dhiaidh sin. Bhí Dara Beag i láthair agus fiú mura ndeachthas i bhfeidhm ar a athair, phréamhaigh an síol ina aigne féin. Thosaigh sé ag cumadh píosaí go luath. Dhá chnuasach filíochta a foilsíodh leis, Cloch an

fhaoileáin (1984) agus Cloch na ngabhar (2003). Scríobh sé a chéad dán, ‘An toghchán mór,’ faoi thoghchán 1932, agus é fós ag freastal ar an scoil. Ina dhiaidh sin, scríobh sé dán ‘An Sean-Dún Chonchúir’ – píosa fada filíochta é seo a chuireann síos ar áilleacht an Dúin féin agus ar na radharcanna atá le feiceáil uaidh. Cuid de thraidisiún fada dinnseanchais in Éirinn é agus láimhsítear an téama go beacht, paiteanta, maisiúil ann. Go deimhin, is féidir an ball díreach ina bhfuil Dún Chonchúir a aithint go cruinn óna chur síos. Luaitear eachtraí míleata nua-aoiseacha, a gceangal le haimsir na bhFear Bolg, i ré na miotaseolaíochta, an dream a thóg an Dún. Maítear go bhfuil laochra na seanaimsire beo in Inis Meáin i gcónaí de bharr nár chaill an t-oileán an Ghaeilge. Ag éisteacht le Dara ag aithris an dáin seo, mar a rinne sé do Mháirín Nic Conlomaine in agallamh léi ar Raidió na Gaeltachta sa tsraith Cúinne na bhFilí ar a bhreithlámh nócha bliain, in 2010, spreagtar tuiscint don dínit agus ómós áite san éisteoir. Is nuair a bhíodh sé ag obair sna garraithe nó ag siúl amach ar na creaga a thagadh an fhilíocht chuige. Rinne sé aistriúchán, ‘Bruachanna Dundee’ ar an sainbhailéad Albanach, ‘The Banks of the Sweet Dundee’ a d’fheil don fhonn atá leis freisin. Chonaic Ciarán Ó Coigligh cosúlachtaí ina chuid filíochta le Raiftearaí agus le Máire Bhuí Ní Laoghaire i léirmheas a foilsíodh ar Feasta Nollaig 1984, 7-12, agus dar le Tomás Mac Síomóin i léirmheas ar Cloch an fhaoileáin, a foilsíodh ar Scéala Éireann 27 Meitheamh 1984, 6, go raibh ‘filíocht Dhara Bhig ag coinneáil bonn ar aon leis na hathruithe’ a bhí ag síorthití amach ar shaol an oileáin. Tá blas na feachtasaíochta ar chuid de na dánta agus an cáineadh iontu orthu siúd a mheas sé a bhí i gcoinne leas an oileáin agus leas na tíre. Bhí sé de nós ag daoine sa phobal na dánta a aithris os ard i dteach an airneáin agus sa Teach Ósta.

Seachas sé mhí a chaitheamh ag obair ar scéim na móna ar an bhFéar Bán i gContae Uíbh Fhailí ar mhaithe le £100 d’airgead tirim a shaothrú, is in Inis Meáin a chuir sé isteach a chuid ama, ‘m’áit agus mo phárlús,’ mar a dúirt sé féin.

Phós sé Theresa Tom Chiaráin Ní Mhaoilchiaráin sa bhliain 1955 in Inis Meáin agus d’aistrigh sé go Baile na Creige, áit ar thóg sé a theach féin. Ba chlochadóir den scoth é a bhí ‘deaslámhach stuama’ (Ó Coigligh: 2003 vii) agus thóg sé aon teach déag eile fud an oileáin freisin. D’imríodh sé an cluiche dúchasach cead ar Lá Fhéile Pádraig gach bliain. D’imir sé peil chomh maith agus d’eagraigh sé cluiche idir a oileán féin agus a dhá chomharsa bhéal dorais - Árainn agus Inis Oírr, cluiche a bhuaigh Inis Meáin. Bhí

cáil air mar dhamhsóir, mar amhránaí agus mar sheanchaí chomh maith agus choinnigh sé cuimhne orthu siúd a chuaigh roimhe a raibh na buanna céanna acu.

Seachtar clainne a bhí aige féin agus ag There-sa: Dara, Tomás, Pádraig, Máirín, Bríd, Peige agus Teres a. Bhásaigh Tomás go tragóideach i dtimpiste a tharla ar dhuganna na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 1995 in aois a thríocha seacht bliain. Is léir ón nóta buíochais a cuireadh ar An Curadh Connachtach ar 24 Samhain 1995, gur thacaigh an pobal go léir leis an muintir an bhris a chur tharstu chomh maith agus ab fhéidir leo. Ba gheall le hurlabhraí an oileáin é agus níor stad sé ach ag iarraidh an t-oileán a chur chun cinn ionas go mbeadh saol ní ba shóúla ag an bpobal ann. Luadh a ainm leis an musaem, leis an monarcha cniotála, le scéimeanna uisce, le leictreachas, le céanna agus le háiseanna eile. Bhí baint nach beag aige le tógáil Halla Naomh Eoin, an t-ionad pobail i lár an oileáin. Bhain sé leas as a chuid teagmhálacha oileánda san ardchathair le dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí le ciste a chur ar fáil chun an obair a dhéanamh. Rinneadh athchóiriú iomlán ar an Halla in 1979 agus cuireadh cúirt leadóige, áiseanna folctha agus teas lárnach ar fáil ann. Ba é féin a rinne an obair chloiche atá le feiceáil ar bhinn an halla in 1962.

Ar deireadh ba chosúil le ambasadóir é agus thug Brian McDonald ‘institution’ air i gcuntas ar thuras Éamoin Uí Chuív ar Inis Meáin le linn toghcháin 2011 san Irish Independent, 12 Feabhra. B’fhíor an focal. Ba nós leis i gcónaí feisteas traidisiúnta na bhfear a chaitheamh, treabhsar, crios, geansaí, veiste agus an caipín speiceach bréidín ar a cheann. Ba bheag iad na cuairteoirí oifigiúla dár thug cuairt ar Inis Meáin nár casadh iad féin agus Dara ar a chéile. Bhí pictiúr de Charlie Haughey agus de Dhonncha Ó Gallchóir ar crochadh sa chistin aige mar chomórach ar chuairt cheannaire an fhreasúra ar an oileán i mí na Nollag 1986. Bhí an bheirt ann mar chuid d’fheachtas Fhianna Fáil roimh thoghchán na bliana dár gcionn, ceann a rinne Taoiseach in athuair de Ó hEochaidh agus Aire Gaeltachta den Ghallchóireach.


Cúig amhrán a chum Dara ag moladh báid, agus níor bháid seoil iad, ach báid farantóireachta. ‘An Cailín Báire I’ agus ‘An Cailín Báire II’ agus péire faoin ‘Dún Aengus’ - ‘Slán leis an Dún Aengus’ agus ‘An Dún Aengus ar an qcarraig’, chomh maith le ‘Báidín bán PJ’. Rinne a fhear gaoil, Macdara Ó Conaola as Inis Oírr, cóiriú nua-aimseartha ar cheann díobh, ‘Slán leis an Dún Aengus’ – dán faoi dheireadh ré an bháid cháiliúil a théadh as Gaillimh go hÁrainn roimh ré an ‘Naomh Éanna’ agus na seirbhísí nua-aimseartha a théann anois as Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe, agus as Dúlainn, Co. an

Chláir. Léiríonn an taifeadadh go raibh seasamh agus mianach san fhilíocht agus go bhféadfadh sí a cló a athrú lena cur in oiriúint don nua-aois. Léigh sé an dán ‘Cuimhní cinn’ ar an gclár An Charraig Stoite faoi Mháirtín Ó Direáin a rinneadh sa tsraith Anamnocht ar TG4 in 2003. Rinne Seán Ó Cuiláin clár teilifíse faoi féin in 2003 freisin ar éirigh go maith leis.

Bhásaigh sé in aois a nócha dó bliain ar Lá Samhna 2012. Ag labhairt dó ag a shochraid dúirt a nia agus a chomhchumadóir, Dara Ó Conaola: ‘nuair a thiteann laoch ardaíonn sé deannach na mblianta cróga/nuair a thiteann laoch lasann sé lóchrann inár gcroíthe.’ B’eiseamláir é saol Dhara Bhig ar an dílseacht dá áit dhúchais. B’fhear é a chreid go raibh ceart ag muintir a oileáin féin agus oileáin nach é, i dteideal caighdeán maireachtála chomh maith is a bhí in áit ar bith. ‘The savage loves his native shore,’ an chéad líne as an dán le James Orr, a thugadh Dara mar fhreagra orthu siúd a d’fhiafraíodh de cén bunús a bhí lena ghrá don oileán. D’ainneoin na gconstaicí go léir, d’éirigh leis mórán dá chuid spriocanna a bhaint amach. Is cinnte go bhfuil lorg a shaothair le feiceáil i ngach ball in Inis Meáin agus feabhas mór curtha ar an saol ann thar mar a bhí cúrsaí ar theacht in inmhe dó féin.

Lillis Ó Laoire (first published on Ainm.ie)

More on Dara in our next issue.....



Pop-Up Gaeltachtaí - Cá bhfuil siad ?

Is minic a chuirtear ceist orainn anseo ag ár nuachtlitir faoi Ghaeltachtaí pop-up timpeall na hAstráile. Cé mhéad atá ann? Cá bhfuil siad ? An gcaithfidh tú a bheith páirteach i rud éigin? An bhfuil mo chuid Gaeilge sách maith le bheith i láthair?

Ar dtús beagán cúlra. Ba iad Osgur Ó Ciardha agus Peadar Ó Caoimhánaigh ceannródaithe na pop-ups a bhunaigh an chéad cheann i mBaile Átha Cliath in 2017.

Bhí méadú seasta ag teacht ar úsáid na Gaeilge sna cathracha móra i dtuaisceáin an daonáirimh agus bhí a gcuid Gaeltachtaí féin á gcoinneáil ag na Gaeltachtaí ainmnithe. Ba é rún na mbunaitheoirí go mbeadh spás poiblí ag na cainteoirí is lú muinte ina bhféadfadh siad labhairt ar a suaimhneas.

Meallann pop-up imeachtaí i mBaile Átha Cliath na céadta duine sa lá atá inniu ann agus tá go leor cinn cosúil leis thar lear, ó Philadelphia go La Paz. Anseo san Astráil is féidir linn múscailt spéise cinnte a rianú nuair a d'athosclaíodh an tír agus nuair a tháinig an chéad tonn de chúlchrócaigh iar-chovid as Éirinn.

Roimh covid bhí “grúpaí cruinnithe” ó am go chéile i Melbourne agus Sydney ach ní raibh siad seo á bhfógairt go maith, go minic ag brath ar bhriathar béil agus is annamh a mhair siad níos mó ná cúpla seachtain sula raibh na rannpháirtithe scaipthe arís. Tá an easpa struchtúir fhoirmiúil seo laistigh de na grúpaí agus idir na grúpaí ar cheann de na príomhláidreachtaí atá ag an bhfeiniméan aníos.

Breathnú anois ar an áit a bhfuil siad ar siúl ar fud na tíre agus cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh leo le haghaidh faisnéise faoi dhátaí agus ionaid atá le teacht. Is féidir na daoine aonair agus na grúpaí ainmnithe go léir a aimsiú agus teagmháil a dhéanamh leo trí Facebook.

Melbourne

Tagann Pop-Up Gaeltacht Melbourne le chéile uair sa mhí agus ba í Ciara Ní Dhomhalláin (Donnellan) a chuir tús leis. Níl ionaid socraithe ach rothlaíonn siad timpeall suíomhanna éagsúla laistigh de chúpla km ó lár Melbourne.

Sydney

Bíonn Pop-Up Gaeltacht Sydney ar siúl ag an gClub Gaelach in Devonshire Street. Is í Marion Ní Ragmhallaigh ó Comhaltas an t-eagraí

Adelaide

Tá Pop-Up Gaeltachts á reáchtáil ag Gasra na Gaeilge in Adelaide. Níl an t-ionad socraithe ach rothlaíonn sé thart ar ionaid lár na cathrach.

Perth

Tá suim á lorg ag Michael Fuller faoi láthair do Pop-Up Gaeltacht / Ciorcal Comhrá i bPeairt molta do mhuintir na háite i bPeairt, W.A.

Canberra

Tá Pop-Up Gaeltacht Canberra á reáchtáil ag Cumann Gaeilge Canberra agus buaileann siad le chéile ag Club Gaeilge Canberra.

Brisbane

Agus é gníomhach ó mhí an Mhárta 2023, chuir Eugene McAteer tús le Pop-Up Gaeltacht Brisbane agus buaileann sé le chéile uair sa mhí i dteach tábhairne Gilhooleys.

Hobart

D'eagraigh Peil agus Iománaíocht na Tasmáine Pop-Up Gaeltacht san New Sydney Hotel, Hobart ar ais i Meán Fómhair 2020 ach tada ó shin i leith, mar sin b'fhéidir go bhféadfadh muintir na háite é a chur chun cinn arís?

Wellington

Thall i Nua-Shéalainn tá Pop-Up tosaithe ag Wellington Irish Society i gcomhar le Conradh na Gaeilge, agus bhí an cruinniú is déanaí ag an Welsh Dragon Bar i Wellington.

Seo chugann an lucht acadúil !

Níor ghlac sé i bhfad chun an feiniméan Pop-Up a bheith ina réimse ceadaithe le haghaidh taighde scolártha. D'fhoilsigh Kieran Walker (2019) "Níl Aon Tábhairne Mar Do Thábhairne Féin : Space, Language and Identity in the Pop-Up Gaeltacht" dá thráchtas M.A. in Ollscoil Mhá Nuad. Tá sé ar fáil ar líne ó Academia.edu agus is léamh maith é

As we go to press our Cumann committee are finalising a date for our Annual General Meeting (AGM)

All members will receive an official notice of time, date and venue.

As an organisation registered in Victoria under consumer law, we are required to hold our AGM before end of 2024, preferably not too late, and it must include the following

- Financial report

- President's report

- Voting for committee positions

All the committee positions are declared vacant at commencement of AGM and any financial member may stand for election (or re-election) after being proposed and seconded.

Members who are unable to attend may appoint a proxy for voting purposes.

If you have been attending our classes and would like some input into how the Cumann is run then please consider standing for election.

Ní neart go chur le cheile !!!!!



*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.
New members should use the form available on our website www.gaeilge.org.au**

Renewal Update

Sloinne
(surname)

Guthán bh)
(phone)

Céad ainm
(first name)

ah)

Seoladh
(address)

Fón
(mobile)

.....

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.